# Maoiniú Státchiste Páirtithe Polaitíochta 2020

*Tuarascáil le Cathaoirleach Dháil Éireann de bhun*
*alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2**
**D02 W773**

**Guthán: (01) 6395666**
**Ríomhphost: info@sipo.ie**
**Suíomh gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Meán Fómhair 2021**

# Clár Ábhar

Brollach ..... 2

Caibidil 1: Réamhrá ..... 3

Caibidil 2: Na cuspóirí a chuirtear cistiú Státchiste ar fáil ..... 4

Caibidil 3: Ráitis Chaiteachais faoi Chistiú Státchiste agus Tuarascálacha Iniúchóirí gaolmhara a sholáthar ..... 5

Caibidil 4: Ráitis Chaiteachais faoi Chistiú Státchiste a fhoilsiú ..... 7

Aguisín: Sonraí faoi chistiú agus caiteachas ..... 8

# Brollach

Táim sásta an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Chomhairle i gcomhréir le halt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú. Baineann an tuarascáil le ráitis bhliantúla chaiteachais mhaoiniú an Státchiste agus le tuarascálacha gaolmhara iniúchóirí reachtúla, maidir leis an mbliain 2020, anuas ar thuairisceán déanach don bhliain 2019, a chuir páirtithe polaitíochta cáilithe faoi bhráid an Choimisiúin de bhun alt 20 den Acht.



Garrett Sheehan
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Meán Fómhair 2021

# Caibidil 1: Réamhrá

Baineann an tuarascáil seo le ráitis chaiteachais an mhaoiniú Státchiste agus le tuarascálacha gaolmhara iniúchóirí reachtúla (dá dtagraítear i dteannta a chéile mar “na ráitis”), maidir leis an mbliain 2020, a chuir páirtithe polaitíochta cáilithe faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar gach ráiteas den sórt sin a thugtar dó agus, nuair is cuí sin a dhéanamh, cuirfidh sé tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach Dháil Éireann (an Ceann Comhairle) ar aon ábhar a tháinig chun solais.

D’fhonn cáiliú le haghaidh maoiniú faoin Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht), ní foláir go bhfuil páirtí polaitíochta ar áireamh i gClár na bPáirtithe Polaitíochta agus go bhfuair sé 2% ar a laghad de na vótaí céadrogha san olltoghchán is déanaí don Dáil. Bunaithe ar na torthaí ar olltoghchán na Dála a cuireadh ar siúl an 8 Feabhra 2020, cháiligh seacht bpáirtí polaitíochta le haghaidh maoiniú Státchiste faoin Acht sa bhliain 2020. Fianna Fáil, Fine Gael, an Comhaontas Glas, Páirtí an Lucht Oibre, Sinn Féin, na Daonlathaithe Sóisialta agus Dlúthpháirtíocht – Pobal seachas Brabús. Ní bhfuair Ré Nua maoiniú ach ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 7 Feabhra 2020.

Íoctar na suimeanna seo le gach páirtí polaitíochta cáilithe gach bliain:

a) suim bhunráta €126,974, agus
b) Sciar de shuim bhliantúil a socraíodh ag €3,809,214 sa bhliain 2001 agus a méadaíodh de réir méaduithe ginearálta pá sa státseirbhís.

B’ionann ciste 2020, suim an bhunráta san áireamh, agus €5,846,848. Cinntear an sciar den chiste atá iníoctha le páirtí polaitíochta cáilithe ach na vótaí céadrogha a fuair an páirtí cáilithe a chur in iúl mar chéatadán d’iomlán na vótaí céadrogha a fuair na páirtithe polaitíochta cáilithe go léir.

Tá sonraí faoi na híocaíochtaí a rinneadh leis na páirtithe polaitíochta cáilitheacha i leith na bliana 2020 le feiceáil i dTábla 1 den Aguisín. Tá sonraí faoi na híocaíochtaí a rinneadh maidir leis an mbliain 2019 le feiceáil i dTábla 3 den Aguisín, agus leasaíodh iad le caiteachas ag Ré Nua a chur san áireamh, de réir an tuairisceáin a rinne sé leis an gCoimisiún a fuarthas an 17 Lúnasa 2021.

## Caibidil 2: Na cuspóirí a chuirtear maoiniú Státchiste ar fáil

Mar a fhoráiltear dó in alt 18 den Acht, ní mór cistí Státchiste arna bhfáil ag páirtithe cáilithe a úsáid mar a fhoráiltear dó leis an dlí. Foráiltear leis sin go bhféadfar an a úsáid i dtaca le "déanamh agus bainistiú ginearálta ghnóthaí an pháirtí agus saothrú dleathach ceann ar bith dá chuid cuspóirí". Gan dochar do ghinearáltacht na forála sin, sonraítear sa reachtaíocht go bhféadfar an maoiniú a úsáid do cheann ar bith nó do gach ceann de na nithe seo a leanas:

- riarachán ginearálta an pháirtí,
- taighde, oideachas agus oiliúint,
- ceapadh beartais,
- comhordú na ngníomhaíochtaí de chuid chraobhacha agus chomhaltaí an pháirtí,
- rannpháirtíocht na mban a chur chun cinn, agus
- rannpháirtíocht na ndaoine óga a chur chun cinn.

Ní féidir an maoiniú a fhaightear a chur chun feidhme nó a úsáid chun costais toghcháin nó reifrinn a íoc nó a fhorchúiteamh. Éilíonn an Coimisiún ar oifigigh iomchuí an pháirtí a shonrú cé acu ar úsáideadh nó nár úsáideadh an maoiniú chun críocha toghcháin nó reifrinn. Shonraigh gach duine den seachtar oifigeach iomchuí a sheol tuairisceáin ar aghaidh don bhliain 2020 nár úsáideadh an maoiniú chun na gcríoch sin.

Seachas na toirmisc ar úsáid an chistithe i dtaca le speansais toghcháin nó le speansais reifrinn, ní thugtar ach sonrú an-ghinearálta san Acht faoi conas a d'fhéadfaí maoiniú a úsáid. Luaigh an Coimisiún roimhe seo nach ndéantar aon tagairt san Acht do chaiteachas caipitil ná do chaiteachas reatha agus ní shonraítear ann cé acu an féidir nó nach féidir maoiniú a úsáid do chaiteachas caipitil nó reatha. Níl aon fhoráil dhlíthiúil ann ach oiread maidir le huainiú úsáid an chistithe agus maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart é a thabhairt ar ais don Státchiste mura n-úsáidtear é. Tá an Coimisiún faoin tuairim go fóill go bhfuil gá le tuilleadh soiléire ina leith sin.

## Caibidil 3: Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste agus Tuarascálacha Iniúchóirí gaolmhara a sholáthar

Ní mór d’oifigeach iomchuí gach páirtí cháilithe ráiteas a chur faoi bhráid an Choimisiúin á rá gur úsáideadh an maoiniú a fuarthas i leith na bliana tuairiscithe le haghaidh roinnt de na cuspóirí dá dtagraítear in alt 18, nó le haghaidh gach ceann díobh. Ní mór na nithe iarbhír ar úsáideadh an maoiniú ina leith a lua freisin sa ráiteas, lena n-áirítear na suimeanna a úsáideadh le haghaidh rannpháirtíocht na mban agus daoine óga i ngníomhaíocht pholaitiúil a chur chun cinn. Ní mór an ráiteas a bheith iniúchta ag iniúchóir poiblí agus ní mór cóip de thuarascáil an iniúchóra a thabhairt don Choimisiún i dteannta an ráitis.

Léirítear i dTábla 2 den Aguisín an miondealú maidir leis an mbliain 2020 ar chaiteachas ag na páirtithe faoi na teidil a leagtar amach in alt 18 den Acht.

Tá miondealú leasaithe maidir leis an mbliain 2019 le feiceáil i dTábla 4 den Aguisín, lena n-áirítear caiteachas ag Ré Nua, de réir an tuairisceáin a rinne sé leis an gCoimisiún a fuarthas an 17 Lúnasa 2021.

Ní dhéanfar aon íocaíocht le páirtí cáilithe tar éis an 30 Aibreán i mbliain ar bith seachas má dhéantar na nithe seo agus go dtí go ndéantar iad -

(i) tugann an páirtí Ráiteas Caiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste agus an Tuarascáil Iniúchóirí Reachtúla ghaolmhar agus Ráiteas Síntiúis agus Dearbhú Reachtúil (a cheanglaítear faoi alt 24(1)(b) den Acht) don Choimisiún, agus

(ii) tugann an Coimisiún cóip de na ráitis seo don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus deimhníonn sé gur comhlíonadh iad de réir fhorálacha ábhartha na reachtaíochta agus na dtreoirlínte atá foilsithe ag an gCoimisiún.

Cuireadh in iúl don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur chuir seacht bpáirtí a Ráitis Chaiteachais faoi Mhoiniú Státchiste ar fáil mar aon leis an Tuarascáil Iniúchóra Reachtúil ghaolmhar don bhliain 2020. Theip ar Ré Nua, arís eile i mbliana, na cáipéisí riachtanacha a sheoladh ar aghaidh faoin spriocdháta reachtúil. Cé gur sheol Ré Nua a ráiteas maidir leis an mbliain 2019 ar aghaidh an 17 Lúnasa 2021, 15 mhí i ndiaidh an spriocdháta reachtúil, níor sheol an páirtí a thuairisceán ar aghaidh go fóill don bhliain 2020 ag tráth an scríofa. Chuir an Coimisiún an Roinn ar an eolas go bhfuarthas an ráiteas don bhliain 2019.

Seo an dara bliain i ndiaidh a chéile inar theip ar Ré Nua a oibleagáidí reachtúla a shásamh chun airgead poiblí a chur i gcuntas a soláthraíodh dó faoin spriocdháta a leagtar amach san Acht. Foráiltear san Acht, nuair a theipeann ar pháirtí cáilithe a ráiteas caiteachais agus tuarascáil na n-iniúchóirí reachtúla a sholáthar, nach n-íocfar aon Mhaoiniú Státchiste eile leis an bpáirtí sin go dtí go sásóidh sé a oibleagáidí ina leith seo. Nuair nach gcáilítear an páirtí a thuilleadh do mhaoiniú, áfach, ní bhíonn aon iarmhairt i gceist.

Sa chás seo, theip ar Ré Nua a thuairisceáin a sheoladh ar ais faoin 30 Aibreán 2020 maidir le bliain tuairiscithe 2019. Lean sé le maoiniú a fháil a fhaide leis an toghchán i bhFeabhra 2020 agus tá oibleagáid air tuairisceáin a sheoladh ar aghaidh do thréimhse thuairiscithe 2020 do na cistí a fuair sé sna chéad dhá mhí den bhliain. Mar gheall gur lú líon iomlán na vótaí céadrogha a fuair iarrthóirí Ré Nua ag an olltoghchán i bhFeabhra 2020 ná an tairseach cháilitheach, ní páirtí cáilithe é an páirtí a thuilleadh agus ní dhéanfar aon íocaíochtaí eile leis. Dá bharr sin, ní féidir gníomhú i gcoinne Ré Nua toisc nár chloígh sé lena oibleagáidí ná i ngeall ar chomhlíonadh déanach.

Tá an Coimisiún faoin tuairim nár cheart glacadh leis an gcás seo. Nuair a fuair páirtí cistí poiblí agus má theipeann air caiteachas na gcistí siúd a chur i gcuntas, faoi mar a cheanglaítear san Acht, ba cheart go bhforálfaí san Acht do smachtbhanna. Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh teip ar thuairisceáin reachtúla chaiteachais cistí poiblí a sholáthar ina cion, faoi réir ionchúisimh, faoin alt seo den Acht agus faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014 (ar a dtugtar an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte).

## Caibidil 4: Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste a fhoilsiú

Chuir an Coimisiún cóip de na Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste, agus tuarascálacha iniúchóirí gaolmhara a fuarthas maidir leis an mbliain 2020, anuas ar an ráiteas a fuarthas ó Ré Nua maidir le 2019 faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.  Dheimhnigh an Coimisiún don Aire go ndéanann na ráitis sin treoirlínte arna n-eisiúint ag an gCoimisiún agus forálacha an Achta a chomhlíonadh.

Chuir an Coimisiún na ráitis a thug páirtithe polaitíochta cáilithe faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais inniu. Tá na cáipéisí ar fáil ar láithreán gréasáin an Oireachtais ag www.oireachtas.ie agus ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

Ceanglaítear in Alt 73 den Acht go gcuirtear na cáipéisí ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh ag oifigí an Choimisiúin ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773.I gcomhthéacs phaindéim reatha COVID-19, tá oifigí an Choimisiúin dúnta do ghlaoiteoirí. Ní féidir, ar an ábhar sin, cáipéisí a chur ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh ar an ngnáthbhealach. Is féidir cóipeanna a chur ar fáil i ndiaidh iarratas a dhéanamh leis an gCoimisiún trí ríomhphost a sheoladh chuig info@sipo.ie nó trí ghlaoch ar (01) 639-5666.

# Aguisín: Sonraí faoi mhaoiniú agus caiteachas

## Tábla 1 Maoiniú a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe in 2020*

| Páirtithe Polaitíochta Cáilithe | Maoiniú iomlán a fuarthas do 2020<br>€ | An méid maoiniú a tugadh anonn ó 2019<br>€ | Maoiniú iomlán ar fáil lena chaitheamh in 2020<br>€ | Caiteachas iomlán an mhaoinithe do 2020<br>€ | Iarmhéid an mhaoinithe a tugadh anonn go dtí 2021<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fianna Fáil** | 1,440,627 | 126,057 | 1,566,684 | 1,266,232 | **300,452** |
| **Fine Gael** | 1,379,283 | 90,793 | 1,470,076 | 1,148,336 | **321,740** |
| **An Comhaontas Glas** | 517,446 | — | 517,446 | 517,446 | — |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 397,406 | 471,206 | 868,612 | 487,614 | **380,998** |
| **Renua** | 26,922 | n/b | n/b | n/b | — |
| **Sinn Féin** | 1,497,935 | 733,855 | 2,231,790 | 932,205 | **1,299,585** |
| **Na Daonlathaithe Sóisialta** | 297,766 | 28,102 | 325,868 | 152,948 | **172,920** |
| **Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús** | 289,464 | 7,849 | 297,312 | 261,191 | **36,122** |
| **Iomlán** | **5,846,848** | **1,457,862** | **7,277,788** | **4,765,972** | **2,511,816** |

**D'fhéadfadh nach ionann na hiomláin de bharr slánú.*

## Tábla 2 Caiteachas maoiniú Státchiste don bhliain 2020 arna nochtadh ag páirtithe*

| Páirtithe Polaitíochta Cáilithe | Riarachán Ginearálta<br>€ | Taighde, Oideachas agus Oiliúint<br>€ | Ceapadh Beartas<br>€ | Craobhacha agus Comhaltaí a Chomhordú<br>€ | Rannpháirtíocht Ban<br>€ | Rannpháirtíocht Óige<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fianna Fáil** | 979,031 | 32,448 | 30,000 | 165,853 | 50,741 | 8,159 | **1,266,232** |
| **Fine Gael** | 963,041 | 11,861 | 4,749 | 129,013 | 17,381 | 22,291 | **1,148,336** |
| **An Comhaontas Glas** | 281,978 | 24,894 | — | 210,574 | — | — | **517,446** |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 355,954 | — | 56,240 | — | 32,210 | 43,210 | **487,614** |
| **Renua** | n/b | n/b | n/b | n/b | n/b | n/b | — |
| **Sinn Féin** | 510,221 | 75,110 | 25,803 | 229,482 | 49,184 | 42,405 | **932,205** |
| **Na Daonlathaithe Sóisialta** | 129,523 | 3,690 | 7,372 | 8,982 | — | 3,381 | **152,948** |
| **Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús** | 41,519 | 1,285 | — | 218,387 | — | — | **261,191** |
| **Iomlán** | **3,261,267** | **149,288** | **124,164** | **962,291** | **149,516** | **119,446** | **4,765,972** |

**D'fhéadfadh nach ionann na hiomláin de bharr slánú.*

## Tábla 3 Maoiniú a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe in 2019 (leasaithe)*

| Páirtithe Polaitíochta Cáilithe | Maoiniú iomlán a fuarthas do 2019<br>€ | An méid maoiniú a tugadh anonn ó 2018<br>€ | Maoiniú iomlán ar fáil lena chaitheamh in 2019<br>€ | Caiteachas iomlán an mhaoinithe do 2019<br>€ | Iarmhéid an mhaoinithe a tugadh anonn go dtí 2020<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fianna Fáil** | 1,593,126 | 312,888 | 1,906,014 | 1,779,957 | 126,057 |
| **Fine Gael** | 1,663,390 | 505,663 | 2,169,053 | 2,078,260 | 90,793 |
| **An Comhaontas Glas** | 290,759 | 47,610 | 338,369 | 385,979 | — |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 524,809 | 519,561 | 1,044,370 | 573,164 | 471,206 |
| **Renua** | 258,596 | 114,147 | 372,743 | 225,720 | 147,023 |
| **Sinn Féin** | 960,746 | 397,940 | 1,358,686 | 624,831 | 733,855 |
| **Na Daonlathaithe Sóisialta** | 308,078 | 35,766 | 343,844 | 315,742 | 28,102 |
| **Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús** | 364,487 | 34,540 | 399,027 | 391,178 | 7,849 |
| **Iomlán** | **5,963,992** | **1,968,115** | **7,932,107** | **6,374,832** | **1,604,885** |

**D'fhéadfadh nach ionann na hiomláin de bharr slánú.*

## Tábla 4 Caiteachas cistiú Státchiste don bhliain 2019 arna nochtadh ag páirtithe (leasaithe)*

| Páirtithe Polaitíochta Cáilithe | Riarachán Ginearálta<br>€ | Taighde, Oideachas agus Oiliúint<br>€ | Ceapadh Beartas<br>€ | Craobhacha agus Comhaltaí a Chomhordú<br>€ | Rannpháirtíocht Ban<br>€ | Rannpháirtíocht Óige<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fianna Fáil** | 985,428 | 255,872 | 65,000 | 405,087 | 41,261 | 27,309 | **1,779,957** |
| **Fine Gael** | 861,060 | 49,452 | 15,919 | 1,029,261 | 84,159 | 38,409 | **2,078,260** |
| **An Comhaontas Glas** | 273,583 | – | – | 59,598 | 500 | 4,687 | **338,368** |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 441,942 | – | 54,525 | – | 32,190 | 44,507 | **573,164** |
| **Renua** | 225,720 | – | – | – | – | – | **225,720** |
| **Sinn Féin** | 374,344 | 8,837 | 10,146 | 137,531 | 54,629 | 39,344 | **624,831** |
| **Na Daonlathaithe Sóisialta** | 216,928 | – | 21,350 | 75,463 | – | 2,001 | **315,742** |
| **Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús** | 55,788 | 6,271 | 5,320 | 323,799 | – | – | **391,178** |
| **Iomlán** | **3,434,793** | **320,432** | **172,260** | **2,030,739** | **212,739** | **156,257** | **6,327,220** |

**D'fhéadfadh nach ionann na hiomláin de bharr slánú.*